# DEARBHÚ UM NEAMHÚSÁID MÓTARFHEITHICLE RF 150

**1. UIMHIR CHLÁRAITHE** ________ Déan/Múnla ________

Dath(anna) ________ Uimhir Fonnaidh ________

**UIMHIR DEIMHNIÚ CLÁRAITHE FEITHICLE** ________

IARRTHÓIR
Uas, Iníon srl ________ Céad Ainm(neacha) ________

Sioinne NÓ
Ainm
Comhlachta
Seoladh ________

Baile/Cathair ________ Contae Fón ________

**2. DEARBHÚ UM NEAMHÚSÁID:** Comhlánaigh ceann amháin as A, B nó C (féach nóta i gCuid 2 thall)

**Cuid A: Dearbhú um Neamhúsáid**

Dearbhaím nach mbeidh an fheithicil thuasluaite in úsáid ná á páirceáil agamsa, ná le cead uaim, in áit phoiblí sa tréimhse

| | Mí | Bliain |
|---|---|---|
| Ón gcéad lá de | | 2 0 |
| Go dtí an lá deiridh de | | 2 0 |

**Cuid B: Dearbhú um Neamhúsáid díreach i ndiaidh feithicil nua/iompórtáilte a chlárú**

Dearbhaím nach mbeidh an fheithicil thuasluaite in úsáid ná á páirceáil agamsa, ná le cead uaim, in áit phoiblí sa tréimhse

| | Mí | Bliain |
|---|---|---|
| Ón mhí a bheidh sí cláirithe faoi m'ainm | | 2 0 |
| Go dtí an lá deiridh de | | 2 0 |

**Cuid C: Dearbhú um Neamhúsáid díreach i ndiaidh feithicil athláimhe a cheannach**

Dearbhaím nach mbeidh an fheithicil thuasluaite in úsáid ná á páirceáil agamsa, ná le cead uaim, in áit phoiblí sa tréimhse

| | Mí | Bliain |
|---|---|---|
| On mhí ar ghlac mé úinéireacht uirthi | | 2 0 |
| Go dtí an lá deiridh de | | 2 0 |

**3. DEARBHÚ** (Féach nóta I gCuid 3 thall)

Dearbhaím gur mise úinéir cláraithe na feithicle arna haithint i gCuid 1, **go gcoimeádfar an fheithicil ar mhaoin phríobháideach,** agus nach mbeidh sí in úsáid ná á páirceáil agamsa, ná le cead uaim, in áit phoiblí le linn na tréimhse arna sonrú thuas.

Dearbhaím go bhfuil na mionsonraí ar an bhfoirm seo ceart.

**Síniú** ________

**Dáta** ________

**Dlífear fíneáil suas le €4,000 agus/nó sé mhí príosúin ar aon duine a dhéanann dearbhú bréagach nó míthreorach.**

# Nótaí

## Dearbhú um neamhúsáid a dhéanamh

- Ní mór dearbhú um neamhúsáid a dhéanamh sa mhí dheiridh den cheadúnas reatha feithicle nó de dhearbhú um neamhúsáid a rinneadh roimhe agus ní mór é a chur faoi bhráid údarás ceadúnaithe sula dtosaíonn tréimhse bheartaithe neamhúsáide na feithicle. Bíonn eisceachtaí ann i gcás dearbhú um neamhúsáid díreach i ndiaidh feithicil nua/iompórtáilte a chlárú nó díreach i ndiaidh feithicil athláimhe a cheannach (féach Cuid 2 thíos).

- Is féidir feithicil a cheadúnú am ar bith i rith na tréimhse dearbhaithe um neamhúsáid. Cuirfidh sin deireadh leis an dearbhú um neamhúsáid.

## Cuid 1

- Ainm agus seoladh úinéir cláraithe na feithicle an t-ainm agus an seoladh a chuirfear ar fáil. Más ag cuideachta nó ag trádálaí atá an ceadúnas don fheithicil, ní mór ainm na cuideachta nó an trádálaí a bheith ar an Deimhniú Cláraithe Feithicle.

- Is féidir an uimhir Deimhniú Cláraithe Feithicle a aimsiú ar thaobh na láimhe deise ar bharr leathanach 1 den Deimhniú Cláraithe Feithicle.

## Cuid 2

**Is féidir dearbhú um neamhúsáid a dhéanamh ar feadh 3 mhí féilire ar a laghad agus 12 mhí féilire ar a mhéid.**

Comhlánaigh:

- Cuid A más dearbhú um neamhúsáid atá le tosú nuair a rachaidh ceadúnas feithicle reatha in éag nó dearbhú um neamhúsáid feithicle atá á dhéanamh agat.

- Cuid B más dearbhú um neamhúsáid feithicle nua/iompórtáilte atá á dhéanamh agat díreach i ndiaidh cláraithe, agus sa chás sin amháin.

  **Ní mór don tréimhse neamhúsáide a bheith ag tosú sa mhí a bhfuil an fheithicil cláraithe.**

  Ní mór an dearbhú a chomhlánú agus a chur ar fáil laistigh de 10 lá ó dháta cláraithe na feithicle - déanfar sin a sheiceáil in aghaidh na faisnéise arna cur ar fáil ag na Coimisinéirí Ioncaim don Chomhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe.

- Cuid C má tá dearbhú um neamhúsáid á dhéanamh agat díreach i ndiaidh feithicil athláimhe a cheannach, agus sa chás sin amháin.

  **Ní mór don tréimhse neamhúsáide a bheith ag tosú sa mhí inar aistríodh úinéireacht na feithicle.**

  Ní mór an dearbhú a chomhlánú agus a chur ar fáil laistigh de 10 lá ón dáta díolacháin a luaitear ar an bhFógra maidir le hÚinéireacht Feithicle a Aistriú - déanfar sin a sheiceáil in aghaidh na faisnéise ar an bhFógra a chuireann díoltóir na feithicle faoi bhráid an Chomhaid Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe.

## Cuid 3

Ní mór síniú úinéir cláraithe na feithicle a bheith ar an iarratas. I gcás cuideachtaí atá cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí 1963, síniú an Stiúrthóra Bainistíochta nó an Rúnaí a cheart a bheith ann. I gcás cuideachta príobháideach, ní mór síniú duine de na comhpháirtithe a chur leis.

### SONRAÍ A NOCHTADH

D'fhéadfadh sonraí ríomhaire bunaithe ar an doiciméad seo a bheith faoi réir nochtadh faoi Alt 60 den Acht Airgeadais 1993 (Uimh. 13 de 1993) arna leasú le hAlt 86 den Acht Airgeadais 1994 (Uimh. 13 de 1994) agus leis na rialacháin a dhéantar faoi. Tá liosta de na daoine a fhaigheann sonraí nochta cláraithe leis an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí - TAG 721/A

**An English version of this form is also available.**